ADVERT ID 244248

# Principal Teacher

## Scoil Gharbhain

Scoil Gharbháin Clais na Lachan, Dún na Mainistreach, Dún Garbhán, X35NP84
https://scoilgharbhain.ie

MAIN DETAILS

| | |
|---|---|
| **Status:** | Deactivated |
| **Level:** | Primary |
| **Date Posted:** | Fri Sep 5 2025 |
| **Application Closing Date:** | Mon Sep 22 2025 |
| **Commencement Date:** | Mon Nov 3 2025 |
| **Status of Post:** | Permanent |

SCHOOL DETAILS

| | |
|---|---|
| **School Type:** | Mainstream |
| **School Structure:** | Vertical |
| **Gender:** | Co-Educational |
| **School Patronage:** | Catholic |
| **Classification:** | Gaelscoil |
| **Total No. of Teaching Staff:** | 22 |
| **Current Enrolment:** | 310 |
| **Droichead school:** | Yes |
| | Gaelscoil |

POST DETAILS

**Additional Information:**
Is Gaelscoil Chaitliceach, páiste-lárnach í Scoil Gharbháin ina bhfuil sároideaeachas trí Ghaeilge á fháil ag daltaí na scoile. Tá an scoil seo fós ag fás agus ag forbairt.

Is mian linn ceannaire cumasach, fuinniúil a earcú chun tógáil ar oidhreacht cháiliúil na scoile. Beidh sárscileanna cumarsáide, ceannaireachta, bainistíochta, teanga agus teicneolaíochta ag an té a cheapfar. Beidh fís láidir acu maidir leis an gcultúr Gaelach agus iad ag tógáil ar bhunchloch láidir.

Beidh roghnú an duine rathúil bunaithe ar cheithre inniúlacht atá ar aon dul leis an gCreat Cáilíochta um Cheannaireacht agus Bainistíocht:

• Teagasc agus Foghlaim a threorú
• An Eagraíocht a bhainistiú
• Forbairt Scoile a threorú
• Inniúlacht Cheannaireachta a fhorbairt

Táimid tiomanta i Scoil Gharbháin do thimpeallacht chothaitheach agus chuimsitheach a sholáthar ina spreagtar gach leanbh chun a lánacmhainneacht a bhaint amach. Oibríonn ár bhfoireann dhíograiseach i gcomhar lena chéile chun oideachas iomlánaíoch a sholáthar trí mheán na Gaeilge a chothaíonn sármhaitheas acadúil, fás pearsanta agus mothú láidir pobail.

Tá na scileanna, an taithí agus an t-eolas seo a leanas inmhianaithe:
Tuiscint agus tiomantas d'éiteas Scoile Caitlicí.
Eolas domhain ar Churaclam na Bunscoile do scoileanna lán-Ghaeilge agus raon leathan taithí múinteoireachta laistigh de bhunscoil lán-Ghaeilge.

Taithí múinteoireachta i suíomh lán-Ghaeilge, tuiscint mhaith ar conas a sheabhaítear teanga agus eolas ar chláir agus tionscnaimh a bhaineann leis an suíomh lán Ghaeilge.
Leibhéal den scoth tuisceana agus eolais ar cheannaireacht, bainistíocht agus riarachán scoile i suíomh bunscoile.
Tiomantas do cheannaireacht chomhroinnte agus toilteanas cúramaí a roinnt agus daoine eile a chumasú.
Fianaise ar chumas oibriú i gcomhar le gach ball foirne, leis an mBord Bainistíochta, le Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus le pobal níos leithne na scoile.
Scileanna cumarsáide den scoth.
Ardleibhéal tuisceana agus eolais ar riachtanais speisialta, ar ionchuimsitheacht agus ar éagsúlacht san oideachas.
Taithí ar fhorbairt, ar chur i bhfeidhm, ar oibriú agus ar mheasúnú tionscnamh agus tionscadal nuálacha scoile.
Taithí agus eolas ar bheartais agus nósanna imeachta scoile uile a chur in ord tosaíochta, a chur i bhfeidhm agus a leabú.
Tiomantas agus fianaise ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus ábhartha.
Toilteanas agus cumas oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí seachtracha.

Is é an t-íoslíon iarratas atá de dhíth chun go rachaidh an comórtas ar aghaidh ná triúr.

Glacfar le hiarratais tríd an post amháin go dtí 4pm ar an spriocdháta. Cuir "Iarratas Poist" ar an gclúdach led'thoil.

It is a requirement to hold a valid Statutory Declaration and to complete the Form of Undertaking for this position upon offer of employment.

## APPLICATION REQUIREMENTS

- Letter of Application
- Referees (name, role, contact no.)
- Teaching Council Registration
- Foirm Iarratais Chaighdeánach ar Phost an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide – as Gaeilge
- Recognised Certificate to Teach Religious Education

## Applications may be submitted by

- Post

## APPLY TO THIS JOB VACANCY

| | |
|---|---|
| **Roll Number:** | 19814B |
| **Apply To:** | Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh,<br>Scoil Gharbháin<br>Clais na Lachan,<br>Dún na Mainistreach,<br>Dún Garbhán,<br>X35NP84 |
| **County:** | Waterford |
| **Website:** | https://scoilgharbhain.ie |

Information contained within this advertisement is copyrighted by IPPN and licensed by IPPN for use by job-seekers only. The information herein may not be downloaded, copied or used for any other purposes, including its replication on other recruitment & advertising websites, without the express prior written permission of IPPN.